Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11125 – NETCEED (FORMERLY ETC GROUP) / AMADYS)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2023/C 215/05)

1. An 13 Meitheamh 2023 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Parisian Bidco SAS ('Netceed', an Fhrainc), ar a dtugtaí ETC Group roimhe seo, faoi rialú Cinven Capital Management (VII) General Partner Limited ('Cinven', Geansaí),

— Amadys Group BV ('Amadys', an Bheilg).

Gheobhaidh Netceed rialú aonair ar Amadys ina iomláine de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Netceed: soláthraí táirgí teileachumarsáide, go háirithe cáblaí, gabhálais agus trealamh eile amhail trealamh éighníomhach agus táirgí optúla, agus seirbhísí d'oibreoirí teileachumarsáide agus do shuiteálaithe líonra teileachumarsáide,

— Amadys: soláthraí trealaimh éighníomhaigh, amhail cáblaí, nascóirí agus uirlisí eile, chuig oibreoirí teileachumarsáide agus suiteálaithe líonra, chomh maith le soláthraithe in earnáil an fhuinnimh.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11125 – NETCEED (FORMERLY ETC GROUP) / AMADYS

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').